

3 SCÓPÁIL AN EIS

3.1 RÉAMHRÁ

1 Tá comhairliúchán ina chuid thábhachtach de phróiseas na Measúnachta Tionchair Timpeallachta (EIA); sa chomhthéacs sin, cuireann comhairliúchán le gníomhaireachtaí reachtúla, le páirtithe leasmhara, leis an bpobal agus leis an bpobal lena mbaineann (lena n-áirítear úinéirí talún) agus le heagraíochtaí ionadaíocha eile deis ar fáil maidir leis an méid seo a leanas, i measc nithe eile:

- Cúrsaí maidir leis an tionscadal a bheidh ina mbonn eolais d’ullmhú an Ráitis Tionchair Timpeallachta (EIS) a shainaitheint;
- Bearta maolaithe a chuimsiú más féidir i ndearadh an tionscadail sna luathchéimeanna (mar shampla, maolú trí thionchar féideartha áirithe a sheachaint), lena n-áirítear an tionchar áitiúil sin a d’fhéadfaí a shainaitheint le linn comhairliúcháin agus rannpháirtíochta leis an bpobal agus le húinéirí talún;
- Saineolas agus eolas daoine aonair, úinéirí talún, pobal áitiúil, saineolaithe, grúpaí leasmhara agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí reachtúla agus eagraíochtaí neamhrialtais a chur san áireamh;
- Rannpháirtíocht i gcinntí atá fós le déanamh a spreagadh; agus
- A chinntiú go gcuirfidh an t-údarás inniúil aighneachtaí agus breithnithe san áireamh le linn phróiseas na cinnteoireachta.

2 Déantar cur síos ar mhéid agus ar chineál an chomhairliúcháin phoiblí agus na rannpháirtíochta poiblí a rinneadh ó 2007 i dtaca le gach céim den forbairt a bheartaítear i gcáipéis ar leith, *Public and Landowner Consultation Report (Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún)* (feic **Imleabhar 2B** de na cáipéisí iarratais). Leagtar amach cuspóirí na straitéise comhairliúcháin ginearálta sa tuarascáil sin chomh maith lena struchtúr, sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta ar fad, an t-aiseolas a fuarthas agus an dóigh ar freagraíodh don aiseolas sin.

3 Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar na ceanglais maidir leis an gcomhairliúchán a dtugtar faoi agus a bhaineann le próiseas an EIA sula gcuirtear an t-iarratas ar fhaomhadh pleanála isteach chuig an mBord Pleanála (an Bord), agus meastar ann go sonrach gurb ionann comhairliúchán agus aiseolas a fháil maidir leis na nithe seo a leanas:

- Na cúrsaí ar mheas na comhlachtaí, gníomhaireachtaí, grúpaí agus daoine aonair éagsúla gur cheart measúnú a dhéanamh orthu san EIS agus na modhanna a úsáidfear i gcomhair an mheasúnaithe sin;
 - Tionchar dóchúil na mbeart maolaithe d'fhonn inghlacthacht fhéideartha tionchair iarmharaigh ar bith a chinneadh; agus
 - Breathnú ar roghanna eile d'fhonn a chinntiú go ndéanfar na roghanna is suim le gach páirtí a mheasúnú.
- 4 Ba cheart a thabhairt faoi deara, toisc go bhfuil an próiseas EIA atriallach, gur féidir leanúint, agus leanfar, den chomhairliúchán agus den rannpháirtíocht phoiblí tríd an bpróiseas um thoilíú forbartha ar fad.
- 5 Breathnaítear ar an tuairim scópála a fuarthas ón mBord sa chaibidil seo freisin.

3.2 CÚLRA

3.2.1 An tIarratas Roimhe seo ar Fhormheas

- 6 Faoi mar a leagtar amach i g**Caibidil 1** den imleabhar seo den EIS, cuireadh iarratas ar phleanáil isteach chuig an mBord maidir le toiliú forbartha i mí na Nollag 2009, agus tarraingíodh siar é ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 2010.
- 7 Tugadh faoi lear suntasach oibre maidir leis an iarratas roimhe seo, lena n-áirítear EIS agus cáipéisí teicniúla, comhshaoil agus pleanála gaolmhara a ullmhú agus a chur isteach. Le bheith cinnte go ndeachthas i ngleic san EIS roimhe seo leis na saincheistanna ba dhócha go mbainfeadh tábhacht leo, tugadh faoi chleachtadh comhairliúcháin ghaolmhair agus scópála neamhghoirmiúla. Bhí idirghabhálacha leis an bpobal lena mbaineann (lena n-áirítear úinéirí talún), le páirtithe leasmhara agus le comhlachtaí forordaithe i gceist leis an gcomhairliúchán a bhí ar bun, agus tugadh faoi chomhairliúchán réamhphleanála leis an mBord freisin.
- 8 Bhí an EIS (2009) mar aon le cáipéisí teicniúla, comhshaoil agus pleanála gaolmhara agus cáipéisí eile ar fáil go poiblí chomh maith le linn thréimhse an iarratais roimhe seo ar fhormheas agus lorg an Bord aighneachtaí ó chomhlachtaí forordaithe, ó pháirtithe leasmhara eile, ón bpobal i gcoitinne agus ó pháirtithe eile. Fuarthas beagnach 1,000 aighneacht i scríbhinn mar fhreagairt don chuireadh seo, lena n-áirítear cinn ó ghníomhaireachtaí agus údaráis fhorordaithe agus neamh-fhorordaithe araon, chomh maith le cinn ó úinéirí talún agus ón bpobal i gcoitinne. Baineann go leor dá bhfuil sna haighneachtaí scríofa sin le Measúnacht Tionchair Timpeallachta na forbartha a bheartaítear.

- 9 I mí na Bealtaine 2010, thionóil an Bord éisteacht ó bhéal maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Rinne roinnt comhlachtaí forordaithe agus roinnt ball den phobal aighneachtaí ó bhéal agus aighneachtaí scríofa eile ag an éisteacht ó bhéal. Áiríodh leis sin aighneachtaí ó ghníomhaireachtaí reachtúla áirithe i dTuaisceart Éireann.
- 10 Tá gach aighneacht i scríbhinn agus ó bhéal a fuair an Bord le linn an phróisis iarratais roimhe seo curtha san áireamh in ullmhú an EIS seo (2015). Mar shampla, mar fhreagairt d'aighneachtaí a rinneadh maidir leis an togra roimhe seo, cuimsítear breathnú ar agranamaíocht san EIS seo anois mar thopaic.

3.2.2 An Próiseas um Athmheasúnú agus Tuarascáil Athmheasúnaithe

- 11 I ndiaidh an t-iarratas roimhe seo ar fhormheas a tharraingt siar, rinne EirGrid athmheasúnú cuimsitheach ar an bhforbairt a bheartaítear. Ba é ba chuspóir leis an bpróiseas um athmheasúnú a dhearbú an raibh nó nach raibh raon feidhme, ábhair, conclúidí agus togra an iarratais roimhe seo fós ábhartha chun bheith ina mbonn eolais faoin iarratas nua ar fhormheas agus chun é a mhúnlú.
- 12 Bhí an próiseas um athmheasúnú ina chéad chéim thábhachtach sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí le haghaidh na forbartha atá molta anois toisc gur breathnaíodh ann arís ar roghanna eile teicniúla agus conairí bealaigh / bealaí na líne agus bhí athmheasúnú ardleibhéil ar chúrsaí comhshaoil i gceist leis lena n-áirítear tionchair dhóchúla agus bearta maolaithe.
- 13 Foilsíodh torthaí tosaigh an phróisis um athmheasúnú i gcomhair comhairliúchán poiblí in *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* i mí na Bealtaine 2011. Foilsíodh *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* ina dhiaidh sin i mí Aibreáin 2013 agus pléadh roinnt saincheistanna inti a ardaíodh le linn an phróisis comhairliúcháin maidir leis an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* agus ina dhiaidh. Féach **Aguisín 1.1** agus **Aguisín 1.2, Aguisíní Imleabhar 3B**.
- 14 Bhí athbhreithniú in Aguisín A den *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* maidir leis na saincheistanna a ardaíodh in aighneachtaí scríofa chuig an mBord agus athbhreithniú ar chur i láthair ag an éisteacht ó bhéal i dtaca leis an iarratas roimhe seo ar cheadú. Bhí freagairt in Aguisín B do na haighneachtaí agus rannpháirtíocht eile a tháinig chun cinn le linn an phróisis um athmheasúnú. Bhí príomh-shaincheistanna ábhartha a ardaíodh inti ina mbonn eolais faoi scópáil agus ábhar an EIS seo agus tá siad le fáil i d**Tábla 3.4**.

3.2.3 An Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe

- 15 I ndiaidh an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, cuireadh sonraí ar fáil sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* a foilsíodh i mí Iúil 2013 maidir leis an rogha dearadh líne le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Féach **Aguisín 1.3, Aguisíní Imleabhar 3B**. Áiríodh ar an rogha dearadh líne sin a roghnófar suíomhanna féidearthachta a shainaithint le haghaidh an bhonneagair agus dheardh an bhonneagair, amhail suíomhanna túr, cineálacha túr agus sonraí gaolmhara a bhaineann le tógáil (e.g. rianta rochtana sealadacha).
- 16 I gCaibidil 2 (agus Aguisín C) den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, tugtar breac-chuntas ar an gcaoi a ndearna foireann an tionscadail aighneachtaí maidir leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* a athbhreithniú agus a bhreithniú. Áiríodh leis seo, i measc nithe eile:
- Aighneachtaí a fuarthas ó chomhlachtaí forordaithe agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le saincheistanna um ábharthacht, nó i bhfreagairt don *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*; agus
 - Aighneachtaí a bhain le hábhar an EIS ionchasach.
- 17 Soláthraíodh an fócas i ndearadh na líne a roghnófar mar a foilsíodh sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* maidir le rannpháirtíocht leanúnach le húinéirí talún, go háirithe maidir le sainláithreánú na struchtúr ar thailte, mar aon le suirbhé, dearadh agus measúnú eile ar an gcomhshaol, i gcomhairliúchán le húdaráis fhorordaithe, le páirtithe leasmhara eile agus le baill den phobal. Soláthraíodh deis sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* chomh maith chun aiseolas a thabhairt maidir leis na saincheistanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu san EIS. Maidir leis sin, i gCaibidil 6 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* soláthraíodh achoimre ghinearálta ar phróiseas an EIA agus tugadh breac-chuntas inti ar na cúrsaí ar moladh aghaidh a thabhairt orthu san EIS le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Bhain formhór na saincheistanna a ardaíodh in aighneachtaí i scríbhinn ina dhiaidh sin agus le linn plé le páirtithe leasmhara ag na himeachtaí comhairliúcháin le tionchar féideartha na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaol a bhí rangaithe go leathan faoi na ceannteidil seo a leanas:-
- Agranamaíocht;
 - An Pobal agus Daonra agus Tionchar Eacnamaíoch (lena n-áirítear gaireacht do ghabhdóirí cónaithe);
 - Díluacháil Réadmhaoine agus Cailliúint Forbartha;

- Oidhreacht Chultúrtha & Seandálaíocht;
- Éiceolaíocht;
- Sláinte agus EMF;
- An Tírdhreach & Tionchar Amhairc;
- Torann; agus
- Tionchar Carnach.

18 Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Rannán 4.5.2 den *Public and Landowner Consultation Report (Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún)* (feic **Imleabhar 2B** a ghabhann leis na cáipéisí iarratais) maidir leis an aiseolas a fuarthas. Ar mhaithe le háisiúlacht, tá na príomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn ón bplé maidir leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* agus an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* a bhí ina mbonn eolais faoi ábhar an EIS le fáil i d**Tábla 3.4**.

3.3 SCÓPÁIL EIS AGUS AN COMHAIRLIÚCHÁN GAOLMCHAR

3.3.1 Scópáil

19 Tá scópáil ina cuid lárnach d'ullmhú an EIS. Baineann an próiseas maidir le saincheisteanna atá le cuimsiú san EIS a shainaitheint (nó 'scópáil') le tionchair fhéideartha an tionscadail a mheas, na roghanna eile atá ar fáil a bhreathnú agus cinneadh a dhéanamh faoi céard iad na tionchair ar dhócha go dtarlódh siad agus ar dhócha iad a bheith tábhachtach bunaithe ar an bhforbairt a bheartaítear.

20 Féadfaidh forbróir tabhairt faoi ghníomh scópála neamhfhoirmeálta agus dul i gcomhairle le páirtithe éagsúla maidir leis an ngníomh sin. Mar a luadh thuas, féachadh sa chomhairliúchán roimhe seo, lenar áiríodh an t-iarratas roimhe seo ar cheadú, an próiseas um athmheasúnú agus an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, leis na ceisteanna ar fad a bhaineann leis an idirnascaire a bheartaítear a chur in iúl do pháirtithe leasmhara agus le tuairimí a fháil ó pháirtithe leasmhara ina leith. Féachadh chomh maith lena chinntiú gur breathnaíodh ar bhuarthaí na bpáirtithe leasmhara agus gur tugadh aghaidh orthu le linn phróiseas an deartha agus gur cuireadh isteach sa phróiseas EIA iad. Tugadh faoi chomhairliúchán sonrath chomh maith le comhlachtaí forordaithe (feic **Cuid 3.3.3**) agus daoine eile maidir le cúrsaí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu san EIS. Bhí sé sin ina bhonn eolais faoi scópáil agus ábhar an EIS seo.

3.3.2 Comhairliúchán Réamhiarratais leis an mBord Pleanála maidir le hÁbhar an EIS

- 21 De réir alt 182(E) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú) (Acht 2000), tionóladh comhairliúcháin réamhiarratais leis an mBord maidir leis an bhforbairt a bheartaítear atá ina hábhar san iarratas seo. Bhí an fhaisnéis a thug an Bord le linn an phlé sin agus aiseolas a fuarthas ón mBord maidir leis an gcomhairliúchán réamhiarratais a tionóladh i dtaca leis an iarratas roimhe seo freisin, ina mbonn eolais faoin EIS chomh maith.
- 22 Tá na príomh-shaincheistean a tháinig chun cinn le linn na gcruinnithe sin agus a bhaineann le hábhar an EIS achoimrithe i d**Tábla 3.1** agus áirítear i d**Tábla 3.4** iad chomh maith.

Tábla 3.1: Comhairliúchán Réamhiarratais leis an mBord Pleanála

Dáta an Chruinnithe	Príomh-shaincheistean
An tIarratas Roimhe seo ar Fhormheas Reachtúil	<p>Áiríodh leis na saincheistean ábhartha a ardaíodh le linn na gcruinnithe réamhiarratais maidir leis an iarratas roimhe seo, i measc nithe eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Roghanna eile (lena n-áirítear líne faoi thalamh [UGC] in aghaidh líne lasnairde [OHL]; roghanna um chonair bhealaigh – lena n-áirítear soir ón Uaimh); • Tionchar trasteorann; agus • An próiseas um roghnú bealaigh maidir le tithe, seandálaíocht agus oidhreacht chultúrtha.
2 Nollaig 2010	Ba é ba chuspóir leis an gcruinniú sin breac-chuntas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí i ndiaidh an t-iarratas roimhe seo a tharraingt siar (i.e. Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain).
31 Iúil 2013	<p>Ba é an fócas sa chruinniú sin an Bord a thabhairt chun dáta maidir leis na gníomhaíochtaí ón gcruinniú roimhe sin lena n-áirítear, i measc nithe eile, torthaí Athbhreithniú an Choimisiúin um Shaineolaithe Neamhspleácha (ar an gcás i leith Forbairt Idirnasctha 400kV na Mí-Thír Eoghain ar fad, nó cuid di, a leagan faoin talamh agus an costas a bhainfeadh leis sin), <i>Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais maidir leis an Tábhacht Straitéiseach a Bhaineann le Tarchur agus le Bonneagar Fuinnimh Eile)</i>, <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i>, agus gníomhaíochtaí reatha tar éis fhoilsiú an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> an 16 Iúil 2013.</p> <p>I measc na bpríomh-shaincheistean a bhain le hábhar an EIS bhí: na himpleachtaí (más ann dóibh) a bheadh ann mura lorgófaí cead a thuilleadh don fhostáisiún ag Maothail agus an bhféadfaí an líne a shuí níos faide soir; an próiseas um roghnú bealaigh maidir le tithe, éiceolaíocht agus tírdhreacha stairiúla; agus roghanna eile túr.</p>
20 Lúnasa 2013	D'iarr EirGrid tuairim scópála ón mBord.
15 Deireadh Fómhair 2013	Ba é an fócas sa chruinniú sin an Bord a thabhairt chun dáta maidir le gníomhaíochtaí ó fhoilsiú an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach</i>

Dáta an Chruinnithe	Príomh-shaincheisteanna
	<i>Tionscadail Roghnaithe</i>), lena n-áirítear rannpháirtíocht le húinéirí talún, mionathruithe ar an dearadh líne táscach agus saincheisteanna a tháinig chun cinn. Cuireadh béim sa phlé chomh maith ar nósanna imeachta maidir le tionchar trasteorann féideartha comhshaoil na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaoil i gceantar i mBallstát.
11 Nollaig 2013	D'eisigh an Bord a thuairim scópála faoin bhfaisnéis a chuireadh san EIS.
18 Nollaig 2013	Ba é an fócas sa chruinniú sin tuairisc chun dáta a thabhairt don Bhord maidir le dréachtú an EIS agus sonraí an iarratais agus tuairim scópála an Bhoird a phlé. I measc na gcúrsaí ábhartha eile bhí saincheisteanna agus nósanna imeachta trasteorann, an <i>Chomhthuarascáil Chomhshaoil</i> agus na deacrachtaí a tháinig chun cinn.
23 Nollaig 2013	Cruinniú leantach ba ea sin chun saincheisteanna sainiúla a tháinig as an gcruinniú an 18 Nollaig a shoiléiriú lena n-áirítear an leibhéal sonraí a bhí le cur i mbreac-chuntas <i>Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála</i> a bheadh le cur san áireamh mar Aguisín leis an EIS.

3.3.3 Comhairliúchán le Comhlachtaí Forordaithe agus le Páirtithe Leasmhara Eile maidir le hÁbhar an EIS

- 23 Ceanglaítear in Alt 182A(4)(b) d'Acht 2000 (arna leasú) ar iarratasóir, agus iarratas á dhéanamh ar forbairt bonneagar tarchuir straitéiseach, na cáipéisí iarratais a chur isteach freisin chuig na húdaráis áitiúla ábhartha agus chuig údaráis fhorordaithe áirithe. Faoi mar a leagtar amach i **Rannán 3.2.1**, cuireadh ábhar an chomhairliúcháin ar fad le linn an iarratais roimhe seo ar cheadú (lena n-áirítear aighneachtaí a rinne na húdaráis fhorordaithe agus páirtithe leasmhara eile roimh agus i rith an éisteacht ó bhéal) san áireamh sa phróiseas a bhí ina bhunús leis an EIS seo.
- 24 Eisíodh ábhar tionscadail chuig na húdaráis ábhartha sin agus chuig páirtithe leasmhara eile agus iarradh orthu go sonrath aighneacht a dhéanamh maidir le cúrsaí / saincheisteanna a mheas siad a bhain le hábhar an tionscadail. Chomh maith leis sin, tionóladh cruinnithe (idir chruinnithe foirmiúla agus chruinnithe neamhfhoirmiúla) le mórán páirtithe, lena n-áirítear na húdaráis áitiúla ábhartha.

- 25 Mar chuid den phróiseas scópála neamhfhoirmiúla a rinne EirGrid, scaipeadh faisnéis faoin tionscadal ar údaráis áitiúla agus fhorordaithe agus ar pháirtithe leasmhara eile ó tarraingíodh siar an t-iaratas roimhe seo ar cheadú. Sainaithnítear cuid de na páirtithe sin i d**Tábla 3.2**.

Tábla 3.2: Údaráis Áitiúla agus Fhorordaithe agus Páirtithe Leasmhara ar Tugadh Faisnéis faoin Tionscadal Dóibh sular Tarraingíodh Siar an tIaratas Roimhe Seo agus ó shin i leith

Údarás / Comhlacht	
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	Iontaobhas Fiadhúla na hÉireann
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (lena n-áirítear NPWS)	An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	Iarnród Éireann
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta)	An Taisce
Comhairle Chontae na Mí	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
Údarás Réigiún na Teorann	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Údarás Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Comhairle Chontae an Chabháin	Teagasc
Comhairle Contae Mhuineacháin	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
Fáilte Éireann	Bord Iascaigh Intíre agus Réigiúnach
An Chomhairle Oidhreachta	Cairde Éanlaith Éireann
Údarás Eitlíochta na hÉireann	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Údarás na Gaeltachta	

- 26 Rinne comhaltaí d'fhoireann an tionscadail teagmháil freisin le roinnt mhaith de na húdaráis fhorordaithe agus de na comhlachtaí leasmhara a shainaithnítear. Leagadh béim ar leith ar bhonn eolais a chur faoi ábhar an EIS agus tionóladh roinnt cruinnithe leantacha. Tugtar dátaí na gcruinnithe sin i d**Tábla 3.3**.

Tábla 3.3: Cruinnithe le hÚdaráis Fhorordaithe agus le Comhlachtaí Leasmhara

Údaráis Áitiúla & Údaráis Fhorordaithe	Dáta na gCruinnithe
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra go sonrach).	26 Samhain 2011 13 Samhain 2012 18 Nollaig 2012
Comhairle Chontae na Mí	3 Meán Fómhair 2013 23 Deireadh Fómhair 2013 5 Samhain 2013
Comhairle Chontae an Chabháin	23 Meán Fómhair 2013 17 Deireadh Fómhair 2013
Comhairle Contae Mhuineacháin	5 Meitheamh 2013 9 Meán Fómhair 2013 22 Deireadh Fómhair 2013
Fáilte Éireann	18 Meán Fómhair 2013
Iascach Intíre na hÉireann	1 Deireadh Fómhair 2013

- 27 Tá na buncheisteanna a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin le húdaráis fhorordaithe agus le gníomhaireachtaí eile agus a bhí ina mbonn eolais faoi ábhar an EIS le fáil i d**Tábla 3.4**.
- 28 Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndeachthas i gcomhairle le hionadaithe tofa na n-údarás áitiúil ábhartha chomh maith le linn chéimeanna éagsúla an phróisis um fhorbairt an tionscadail. Tá mionsonraí maidir leis sin i gcáipéis ar leith, *Public and Landowner Consultation Report (Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún)* (feic **Imleabhar 2B** a ghabhann leis na cáipéisí iarratais).

3.3.4 Comhairliúchán Trasteorann

- 29 Tá sé sonraithe freisin go ndeachaigh EirGrid i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann maidir leis an bhfaisnéis a bhí le cuimsiú san EIS. Bhí na saincheisteanna a ardaíodh comhsheasmhach leis na cinn a tugadh ina fhreagairt d'iarratas scópála an Bhoird.

3.3.5 Comhairliúchán Poiblí maidir le hÁbhar an EIS

30 Leasaíodh Treoir an EIA, ar aon dul le Coinbhinsiún Aarhus³⁰, lena chinntiú go dtugtar deis ní amháin do na húdaráis ar dhócha iad a bheith bainteach leis an tionscadal chun a dtuairim a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis a sholáthair an forbróir ach go dtugtar deiseanna luatha agus éifeachtacha don phobal (an pobal lena mbaineann san áireamh) chun páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol.

31 Tá sonraí faoi leith maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin leis an bpobal agus le hÚinéirí talún mionsonraithe i gcáipéis ar leith, *Public and Landowner Consultation Report (Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún)* (feic **Imleabhar 2B** a ghabhann leis na cáipéisí iarratais). Tá na saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin leis an bpobal atá ábhartha maidir le bonn eolais a chur faoi ábhar an EIS le fáil i d**Tábla 3.4**.

3.3.6 Comhairliúchán le hÚinéirí Talún maidir le hÁbhar an EIS

32 Baineann an rannán seo le comhairliúchán a rinneadh le hÚinéirí talún aonair feadh an línebhealaigh. Ba é ba chuspóir leis an gcomhairliúchán le hÚinéirí talún a chinntiú, i measc nithe eile, go gcuirfí a dtuairimí san áireamh le linn phróiseas an deartha.

33 Tá sonraí faoi leith maidir leis an straitéis agus leis an bpróiseas comhairliúcháin le hÚinéirí talún mionsonraithe i gcáipéis ar leith, *Public and Landowner Consultation Report (Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún)* (feic **Imleabhar 2B** de na cáipéisí iarratais). Tá na saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin leis na hÚinéirí talún atá ábhartha maidir le bonn eolais a chur faoi ábhar an EIS le fáil i d**Tábla 3.4**.

3.4 TORTHAÍ NA SCÓPÁLA NEAMHFHOIRMIÚLA AGUS AN PHRÓISIS COMHAIRLIÚCHÁIN

34 Mar a luadh, baineann an próiseas scópála le tionchar féideartha an tionscadail agus na roghanna eile ar cheart breathnú orthu a mheas, agus na tionchair ar dhócha a tharlóidh agus ar dhócha iad a bheith tábhachtach a chinneadh.

³⁰ The UNECE Convention on Access to Information, Public Participation in Decision-making and Access to Justice in Environmental Matters (*Coinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht an Phobail i gCinnteoireacht agus Rochtain ar an gCeartas i gCúrsaí an Chomhshaoil de chuid UNECE*).

- 35 Tá achoimre ar na príomh-shaincheistean a ardaíodh go dtí seo le linn gach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus atá bainteach le hábhar na scópála neamhfhoirmiúla san EIS le fáil i dTábla 3.4.

Tábla 3.4: Saincheistean a Sainithníodh sna Gníomhartha Scópála agus Comhairliúcháin

Ábhar	Príomh-shaincheistean a Tháinig chun Cinn	Caibidil Ábhartha
An Gá atá leis an bhForbairt a Bheartaítear	Ba cheart gá / cuspóir oileáin, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil leis an bhforbairt a bheartaítear a leagan amach go soiléir.	Imleabhar 3B, Caibidil 2
Cur Síos ar an bhForbairt	Cur síos iomlán ar chineál, ar scála agus ar mhéid na forbartha lena n-áirítear, i measc nithe eile, cur síos ar an bhforbairt laistigh de Thuaisceart Éireann, oibreacha ar líne tharchuir reatha na Seansráide go Fearann na Coille, oibreacha fostáisiúin, bealaí rochtana tógála sealadacha, modheolaíocht tógála, etc.	Imleabhar 3B, Caibidil 6 agus Caibidil 7
Roghanna eile Teicneolaíochtaí	Bhí an fhéidearthacht go gcuirfí an fhorbairt a bheartaítear faoi thalamh (lena n-áirítear páirtleagan faoin talamh) ar cheann de na príomh-shaincheistean a ardaíodh arís agus arís eile le linn an chomhairliúcháin. I measc roghanna eile a ardaíodh bhí roghanna idirnasctha / atreisiúchán líonra, an ceanglas maidir le fostáisiú(i)n a chur feadh an bhealaigh, teicneolaíocht AC in áit DC, rogha cábla fhomhuirí agus roghanna eile dearáí túir.	Imleabhar 3B, Caibidil 4
Roghanna Bealaigh	Bhí cúrsaí maidir le roghnú conair bhealaigh agus ailíniú bealaí le linn roghnú na forbartha roghnaithe a bheartaítear, agus ina dhiaidh, ina saincheistean a ardaíodh arís agus arís eile le linn na gcomhairliúcháin. Áiríodh leis sin an chothromaíocht agus an t-ualú a tugadh do ghabhdóirí íogair amhail réadmhaoin chónaithe agus an tírdhreach nuair a bhí an rogha bealaigh á cinneadh. Bhí gaireacht d'áiteanna cónaithe i measc saincheistean eile.	Imleabhar 3B, Caibidil 5
Sláinte	I measc na bpríomh-shaincheistean a ardaíodh maidir leis an ábhar seo, bhí na hiarmhairtí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith	Imleabhar 3B, Caibidil 8 agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D,

Ábhar	Príomh-shaincheisteanna a Tháinig chun Cinn	Caibidil Ábhartha
	ar shláinte an duine a d'eascródh as EMF le linn na céime oibriúcháin agus ar shláinte agus sábháilteacht an phobail le linn chéim thógála na forbartha a bheartaítear.	Caibidil 5
Pobal agus Daonra agus Tionchar Eacnamaíoch	Ardaíodh an tionchar atá ag an tionscadal ar mhuintir na bpobal áitiúil agus ag a ghaireacht do shaoráidí pobail, lena n-áirítear limistéir caitheamh aimsire do pháistí agus scoileanna. Ardaíodh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige chomh maith ar ghnó chuideachta áitiúil na mbalún aeir, ar lóistín leaba is bricfeasta do thurasóirí agus ar ghnó oibríochtaí héileapad chomh maith.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 3
Flóra agus Fána	Ar na nithe ba mhó imní a tháinig chun cinn i rith an chomhairliúcháin, bhí an tionchar féideartha ar shuíomhanna sainithe (cSACanna, SPAnna agus NHAnna), speicis ag a bhfuil stádas caomhnaithe, lena n-áirítear Ealaí Glóracha – atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach (AE 79/409/CEE), iascaigh agus gnáthóga ag a bhfuil ardluach áitiúil i gcóngarachtaí na forbartha a bheartaítear (laistigh den timpeallacht uisceach chomh maith). Ní mór gníomhartha tochailte agus tógála agus tionchar fadtréimhseach oibriúcháin na forbartha a chur san áireamh sna hiarmhairtí féideartha.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 6
Ithreacha agus Geolaíocht	I measc na bpríomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn san ábhar comhshaoil ar leith seo a raibh gá mionscrúdú a dhéanamh orthu, bhí réimsí íogaireachta amhail Suíomh Geolaíochta Contae (CGS) – lena n-áirítear Sruth Allt Maise agus Moiréan Ghalltroma, lomán buncharraige, ceantair charst agus cineálacha eile geolaíochta agus talún fíorscagach a d'fhéadfadh a bheith truaillithe (go fisiciúil nó go ceimiceach) ag gníomhaíochtaí stairiúla nó gníomhaíochtaí reatha.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 7
Uisce	I measc na bpríomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn san ábhar seo bhí an baol go dtarlódh	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D,

Ábhar	Príomh-shaincheisteanna a Tháinig chun Cinn	Caibidil Ábhartha
	truailliú uisce (idir uisce dromchla agus screamhuisce), go háirithe i rith chéim na tógála (lena n-áirítear tochairt).	Caibidil 8
Caighdeán an Aeir agus Aeráid	Níor ardaíodh é seo mar shaincheist thábhachtach.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 10
Torann agus Creathadh	Baineann na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh le linn an chomhairliúcháin leis an torann a d'fhéadfadh teacht ón OHL agus an creathadh le linn chéim na tógála.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 9
An Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc	Ag cur san áireamh go gcuimsítear línte lasnairde faoi thacaíocht túir chruach laitíse sa tionscadal, ar na nithe imní ba mhó a ardaíodh le linn an chomhairliúcháin maidir leis an ábhar seo bhí infheictheacht an tionscadail agus an fhéidearthacht go rachadh sé i gcion ar thaitneamhacht amhairc na dtírdhreach sainithe, na radharc faoi chosaint agus radhairc eile a bhfuil taitneamhacht thábhachtach ag baint leo feadh an bhealaigh lena n-áirítear, mar shampla, Mainistir Bheighthí, Domhnach Phádraig agus Taitin. Ar na saincheisteanna faoi leith a ardaíodh bhí tírdhreach droimní Mhuineacháin agus radhairc ó áiteanna cónaithe aonair.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 11
Trácht	Baineann na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh maidir le trácht le céim thógála an tionscadail agus leis an bhféidearthacht go dtiocfaidh méadú ar an trácht tógála ar bhóithre; gaolmhaireacht na forbartha a bheartaítear le bóithre beartaithe (lena n-áirítear Cuarbhealach Laighean); agus na himpleachtaí tógála agus tógáil ar bun trasna bóithre.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 13
Sócmhainní Ábhartha	Bhain na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear ar aerpháirc Bhaile Átha Troim, ar fheirmeacha gaoithe atá ann agus atá beartaithe agus ar fhóntais phoiblí. Níor ardaíodh an teileachumarsáid le linn an chomhairliúcháin agus níor mheas foireann an tionscadail go raibh sí ina shaincheist	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 12

Ábhar	Príomh-shaincheisteanna a Tháinig chun Cinn	Caibidil Ábhartha
	thábhachtach.	
Úsáid Talún	Ba í an agranamaíocht an phríomh-shaincheist a ardaíodh maidir leis an ábhar seo, lena n-áirítear srianta féideartha ar an bhfeirmeoireacht, ar aimridiú talamh feirme faoin líne agus rochtain agus modhanna tógála.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 3
Turasóireacht	Ba é an phríomh-shaincheist a ardaíodh maidir leis an ábhar seo na tionchair fhéideartha ar luach fónais / turasóireachta an cheantair, lena n-áirítear bealaí sainithe do thurasóirí agus an gnó lena mbaineann. Is samplaí iad Gleann na Bóinne, Tailtean, Slí Mhuineacháin agus Caisleán Bhaile Átha Troim de shuíomhanna den sórt sin.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 4
Réadmhaoin	Bhain na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh leis an tionchar ar réadmhaoin chónaithe i gcóngarachta na forbartha a bheartaítear (taitneamhacht amhairc, torann, etc.) agus díluacháil fhéideartha réadmhaoine / aimridiú tailte mar gheall ar fhorbairt amach anseo. Tugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le taitneamhacht in ábhair shainiúla ar an gcomhshaol. Ní bhreathnaítear ar dhíluacháil réadmhaoine san EIS seo; ach breathnaítear uirthi in áit eile sna cáipéisí iarratais.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D – caibidil éagsúla
Oidhreacht Chultúrtha	Ar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh maidir leis an ábhar seo bhí an tionchar féideartha ar ghnéithe seandálaíochta, ar ghnéithe ailtireachta agus ar ghnéithe eile lena mbaineann tábhacht oidhreachta cultúrtha, a d'eascródh ón bhforbairt a bheartaítear. Áirítear leis sin an tionchar amhairc a d'fhéadfadh a bheith ar shuíomhanna liostaithe agus tionchar a bhaineann leis an tógáil.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 14
Saincheisteanna Trasteorann	Agus aird ar nádúr líneach an tionscadail thar dhá dhlíne, ní mór breathnú ar shaincheisteanna trasteorann a d'fhéadfadh	Imleabhar 3B, Caibidil 9

Ábhar	Príomh-shaincheisteanna a Tháinig chun Cinn	Caibidil Ábhartha
	teacht chun cinn.	
Tionchar carnach	Bhain na buncheisteanna a tháinig chun cinn i ndáil le tionchar carnach féideartha an togra nuair a cuireadh san áireamh le forbairtí beartaithe reatha eile iad a bhaineann le forbairt nua nó forbairt a bheartaítear i ngaireacht na líne lena n-áirítear tuirbíní gaoithe, tionscdaíil tarchuir eile agus cuid SONI den idirnascaire a bheartaítear.	Imleabhar 3B, Caibidil 10
Idirchaidreamh Idir Tosca Comhshaoil	Cé go bhfuil idirchaidreamh idir beagnach gach gné chomhshaoil go pointe áirithe, cuireadh idirghníomhaíochtaí féideartha suntasacha san áireamh san EIS seo.	Imleabhar 3B, Caibidil 10

3.5 TUAIRIM SCÓPÁLA AN BHOIRD PLEANÁLA

- 36 Is é an Bord (mar údarás inniúil) a dhéanann scópáil, mar a thuigtear é le halt 182E den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú) nuair a fhaightear iarratas ó fhorbróir maidir le tuairim scópála a fháil i scríbhinn. I mí Lúnasa 2013, d'iarr EirGrid go foirmiúil ar an mBord tuairim scópála a chur ar fáil maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Chuaigh an Bord i gcomhairle le páirtithe éagsúla (lena n-áirítear údaráis fhorordaithe agus áitiúla agus gníomhaireachtaí reachtúla áirithe i dTuaisceart Éireann) sular chuir sé a thuairim scópála ar fáil an 11 Nollaig 2013 (feic **Aguisín 1.4, Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS).
- 37 Deimhníodh na saincheisteanna a sainaitníodh le linn an phróisis scópála neamhfhoirmiúla a rinne EirGrid mar a liostaítear i d**Tábla 3.4**. Tá achoimre ar thuairim scópála an Bhoird le fáil i d**Tábla 3.5**.

Tábla 3.5: Saincheisteanna a Sainaitníodh i dTuairim Scópála an Bhoird

Ábhar	Saincheist a Ardaíodh	Caibidil Ábhartha
Roghanna Eile – a ndearnadh breithniú orthu (náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil)	An gá a bhí le breac-chuntas a sholáthar ar na roghanna eile / na roghanna seo leanas a ndearnadh breithniú orthu sular roghnaíodh an rogha forbartha: roghanna idirnasctha / atreisthe líonra, teicneolaíochtaí, roghanna conairí, dearadh agus scála na forbartha / na struchtúr, fostáisiú(i)n a thógáil feadh an bhealaigh agus modhanna tógála.	Imleabhar 3B, Caibidil 4, Caibidil 5 agus Caibidil 7

Ábhar	Saincheist a Ardaíodh	Caibidil Ábhartha
Daoine	<ul style="list-style-type: none"> • An tionchar féideartha ar ghréasáin lonnáiachta feadh an bhealaigh a shainaitheint. D'iarr an Bord go sonrath go sainaitheofaí áiteanna cónaithe, áiteanna pobail agus áiseanna poiblí atá ann cheana (ar nós scoileanna agus áiseanna cúram sláinte), mar aon le haon cheadanna pleanála ar marthain. • Measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar thaitneamhachtaí cónaithe mar gheall ar thógáil agus ar shuí na struchtúr tacaíochta agus na líne lasnairde (OHL). • Sainaitheint agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar oibríoch agus ar an tionchar ar shláinte an duine, lena n-áirítear torann agus EMF, bunaithe ar chaighdeáin shainaitheanta idirnáisiúnta. • Measúnú agus comparáid ar an tionchar maidir le roghanna eile forbartha os cionn na talún agus faoi thalamh. • Measúnú ar an tionchar dóchúil ar an oidhreacht theangeolaíoch nó chultúrtha i limistéar Gaeltachta, nó ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail. • Impleachtaí don gheilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta / tionchar ar an ngeilleagar sin. 	Imleabhar 3B, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D agus gnéithe eile de na cáipéisí iarratais
Flóra agus Fána	<ul style="list-style-type: none"> • Ba cheart suirbhé éiceolaíochta ar gach láthair oibreacha ag tráth iomchuí sa bhliain a chur san áireamh sna sonraí bonnlíne. D'fhéadfaí obair shuirbhé bheith ag teastáil lasmuigh de na láithreáin forbraíochta freisin. • Measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar fhlóra, ar fhána agus ar ghnáthóga, ag féachaint do na nithe seo a leanas: láithreáin Natura 2000, láithreáin shainithe eile (atá beartaithe), an Treoir maidir le Gnáthóga, an Treoir maidir le hÉin, na hAchtanna um Fhiadhúlra, speicis Leabhar Dearg na Sonraí agus bithéagsúlacht i gcoitinne. • Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú an tionchar indíreach mar gheall ar ghníomhaíochtaí agus rochtain tógála, agus an tionchar 	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 6

Ábhar	Saincheist a Ardaíodh	Caibidil Ábhartha
	<p>fadtéarmach mar gheall ar bhloghrú agus scoilteadh.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Measúnú ar thionchar féideartha ar an gcomhshaol uisceach le linn chéim na tógála agus na céime oibríche. • Ba cheart aghaidh a thabhairt san EIS ar speicis choimhthíocha ionracha plandaí agus ainmhithe, agus ar mhodhanna chun a chinntiú nach ndéantar iad a thabhairt isteach ná a leathnú. • Measúnú ar mhéid agus thionchar na bainte fáлта sceach nó an chaillteanais choillearnaí líní feadh an bhealaigh. • Sainithint ceanglais ar bith i gcomhair ceadúnais nó maolú. 	
Ithreacha agus Geolaíocht	Ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna a ardaíodh: measúnú a dhéanamh ar an gcreimeadh ithreach a d'fhéadfadh a bheith ann, ráiteas modha tógála (ina gcuirí maolú móna san áireamh) a chur isteach agus sainithint agus measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha ar shuíomhanna a bhfuil spéis iontu ó thaobh na hoidhreachta geolaíche (lena n-áirítear Sruth Allt Maise agus Moiréan Ghalltroma).	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 7
Uisce	Ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna a ardaíodh: sainithint agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí tochairte / tógála in aice le sruthchúrsaí ar cháilíocht an uisce, measúnú a dhéanamh ar an tionchar féideartha hidrigeolaíoch agus ráiteas modha tógála agus plean bainistíochta tógála (ina gcuimsítear bearta chun cáilíocht an uisce a chosaint nuair atá draenacha páirce á n-atreorú / nuair atá screamhuisce á phumpáil) a chur isteach.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 8
Aer agus Aeráid / Torann	Sainithníodh Aer agus Aeráid mar mhion-saincheisteanna nach raibh staidéar suntasach ag teastáil ina leith. Ó thaobh torainn de, d'iarr an Bord go ndéanfaí cur síos agus measúnú ar an timpeallacht torainn ag céimeanna tógála agus oibríochta (ar féidir iad a thomhas go soiléir i gcoinne na timpeallachta reatha de thorann timpeallach).	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 10

Ábhar	Saincheist a Ardaíodh	Caibidil Ábhartha
An Tírdhreach	D'iarr an Bord an méid seo a leanas: forbhreathnú ar na limistéir shainithe shaintréithe tírdhreacha atá i gceist, limistéar tionchair amhairc na forbartha a shainithint; measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar shaintréithe tírdhreacha agus ar thaitneamhacht amhairc, lena n-áirítear tírdhreacha sainithe agus radhairc lena mbaineann luach taitneamhachta; breithniú a dhéanamh ar thionchar na forbartha ar shaintréithe agus ar shuíomh láithreán lena mbaineann spéis chultúrtha agus stairiúil agus ar thírdhreacha stairiúla, agus tírdhreacha diméine stairiúla feadh an bhealaigh a shainithint. Ba cheart sraith fótamontáisí scálaithe / cruinne, ina léirítear an tionchar ar radhairc chosanta / ar bhealaí áilleachta, a úsáid chun tionchar amhairc na forbartha a thaispeáint. Ina theannta sin, d'éiligh an Bord go ndéanfaí breithniú ar an bhféidearthacht go socrófaí bealach eile nó go ndéanfaí páirtleagan faoin talamh i limistéir ina bhfuil an tírdhreach íogair, nó in áiteanna a bhfuil an spásáil idir na túir faoi bhun an mheáin agus a bhfuil tionchar amhairc acu dá bharr. Ba cheart an réasúnaíocht a bhí taobh thiar den bhealach / den chur chuige deartha lenar glacadh agus tionchar carnach amhairc agus tírdhreacha na forbartha leis an líonra 110 kV and 220 kV atá ann cheana agus a bheartaítear a chur san áireamh.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 11
Sócmhainní Ábhartha	Ó thaobh sócmhainní ábhartha de, éilíonn an Bord an méid seo a leanas: feabhas ar an mbonneagar gréasáin leictreachais atá ann cheana a shainithint, sainithint agus measúnú a dhéanamh ar thrasbhealaí ar bhóithre poiblí (lena n-áirítear modheolaíocht tógála); faisnéis ar an tionchar is dócha a bheidh ann ar fhóntais phoiblí agus ar sheirbhísí poiblí; plean bainistíochta tógála a chur isteach (ina dtugtar aghaidh ar na nithe seo a leanas: roghanna sreangaithe, dúntaí bóthair, malairtí slí, agus an tionchar ar bhonneagar iarnróid, rochtain le haghaidh tógála, cothabháil leanúnach agus ionramháil bealaí isteach tógála atá nua / leathnaithe). Ina theannta sin, an tionchar / na srianta is dócha a bheidh ann i gcás talmhaíochta, foraoiseacht tráchtála agus measúnú ar an tionchar ar luach taitneamhachta / turasóireachta an limistéir, lena n-áirítear bealaí turasóireachta ainmnithe (Slí	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 4, Caibidil 12 agus Caibidil 13

Ábhar	Saincheist a Ardaíodh	Caibidil Ábhartha
	Mhuineacháin) agus an tionchar ar thurasóireacht iascaireachta agus iascaigh, an fhéidearthacht a bhaineann le hiarnróid dhíomhaoine a úsáid sa todhchaí agus an tionchar ar iompar eitlíochta (lena n-áirítear Aerpháirc Bhaile Átha Troim).	
Oidhreacht Chultúrtha	D'iarr an Bord an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le hoidhreacht chultúrtha – sainnithint agus measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: oidhreacht seandálaíochta (lena n-áirítear an tionchar ar shaintréithe agus ar shuíomh gnéithe is ábhair spéise) chomh maith leis an gcaidreamh idir láithreacha; ceantair lena mbaineann spéis shóisialta, chultúrtha agus stairiúil (lena n-áirítear Mainistir Bheighthí, Domhnach Phádraig, Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean agus Crosaire an Mhaí). D'iarr an Bord freisin go sainnithneofaí aon tochailt seandálaíochta nó aon imscrúdú láithreach a rinneadh roimh an iarratas; aon oidhreacht i gcomharsanacht na conaire bealaigh; tionchar indéireach na gníomhaíochta tógála, lena n-áirítear bealaí rochtana i dtreo struchtúr agus foirgneamh; agus an tionchar ar radhairc fhada ó láithreacha lena mbaineann tábhacht agus suntas náisiúnta.	Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 14
Tionchar Trasteorann	D'iarr an Bord go n-ullmhófaí <i>Comhthuarascáil Chomhshaoil</i> . Ba cheart a chinntiú sa Chomhthuarascáil Chomhshaoil go nglacfar le cur chuige coiteann agus le modheolaíocht choiteann i leith thionchar an tionscadail iomláin a shainnithint agus a mheasúnú. Moltar do na hiarratasóirí ionchasacha dul i dteagmháil leis na húdaráis ábhartha i dTuaisceart Éireann maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le cuimsiú san EIS.	Imleabhar 4 de na cáipéisí iarratais

- 38 Luadh sceideal beart maolaithe agus *Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP)* a chur san EIS sa tuairim scópála chomh maith. Tá sceideal de bhearta maolaithe san áireamh mar **Caibidil 11** den imleabhar seo den EIS agus tá CEMP imlíneach ar fáil in **Aguisín 7.1**, **Aguisíní Imleabhar 3B**, den EIS.

3.6 CONCLÚID

39 Agus na hábhair chomhshaoil a bhfuil an tábhacht is mó ag baint leo dearbhairthe agus go háirithe ábhar thuairim scópála an Boird i dtaca leis an bhforbairt a bheartaítear, ullmhaíodh an EIS seo de réir na reachtaíochta ábhartha agus ag féachaint, i measc nithe eile, do na cáipéisí seo a leanas:

- An Coimisiún Eorpach, *Guidelines for the Assessment of Indirect and Cumulative Impacts as well as Impact Interactions (Treoirlínte maidir le Tionchair Indíreacha agus Charnacha chomh maith le hIdirghníomhaíochtaí Tionchair a Mheasúnú)* (Bealtaine 1999);
- An Coimisiún Eorpach, *Guidance on EIA Screening (Treoir maidir le Scagadh an EIA)* (Meitheamh 2001);
- An Coimisiún Eorpach, *Guidance on EIA Scoping (Treoir maidir le Scópáil an EIA)* (Meitheamh 2001);
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002);
- EPA, *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements)* (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú]) (Meán Fómhair 2003) agus, go háirithe, na treoirlínte a tugadh le haghaidh thionscadail Chineál 20 a leagtar amach sa cháipéis sin;
- An Coimisiún Eorpach, *Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects (Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórscála Trasteorann)* (Bealtaine 2013); agus
- An Coimisiún Eorpach, *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)* (Aibreán 2013).